C/2025/747

5.2.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/747)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Mecklenburger Landwein'

PGI-DE-A1290-AM01

Dáta na teachtaireachta: 7.11.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **Tuairisc ar an bhfíon / ar na táirgí fíniúna agus na tréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha a bhaineann leis/leo**

Tuairisc:

Rinneadh laghdú ar thuairiscí an fhíona go dtí na príomhphointí. Tá tuairisc ar leith ann le haghaidh Blanc de Noir.

Liostaíodh neart alcóil nádúrtha íosta 'Mecklenburger Landwein' faoi phointe ar leith. Mar gheall ar an tagairt do reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair athraíodh an t-ábhar seo a leanas: méadaíodh an cion siúcra iomlán údaraithe chun milis agus leathmhilis a chumhdach. Méadaíodh an tairseach uachtar saibhrithe le haghaidh fíon geal go 12,5 % agus le haghaidh fíon dearg go 13 % den neart alcóil iomlán.

Réasúnú:

Bhí na tuairiscí roimhe seo ar an bhfíon agus ar na saintréithe orgánaileipteacha sách ginearálta. Dá bhrí sin, rinneadh iad a shoiléiriú. Liostaíodh an neart alcóil nádúrtha íosta faoi phointe ar leith chun an tsonraíocht a dhéanamh níos soiléire. Ina theannta sin, baineadh úsáid as na féidearthachtaí dlí chun an saibhriú agus an cion siúcra iomlán údaraithe a mhéadú.

2. **Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha**

Tuairisc:

Comhlíonann na luachanna anailíseacha a liostaíodh go dtí seo na ceanglais faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta. Cuireadh tagairt ghinearálta isteach lena luaitear: 'Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair'.

Réasúnú:

Ós rud é nach bhfuil coinníollacha ann a théann níos faide ná dlí an Aontais ná an dlí náisiúnta is infheidhme, soláthraítear leis an tagairt do reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair rialacha atá beacht go leordhóthanach.

3. **Sainaithint an limistéir**

Tuairisc:

Leathnaíodh críochú an limistéir chun fíonghoirt a chumhdach atá údaraithe le bheith faoi fhíniúnacha nó gan fíniúnacha go sealadach, i gceantar Pasenow i mbaile Woldegk. Is féidir an críochú a fheiceáil ar léarscáileanna ar féidir breathnú orthu ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Réasúnú:

Is saintréith de limistéar táirgeachta 'Mecklenburger Landwein' í tír-raon atá cnocach go réidh Is tírdhreach moiréin é geolaíocht an limistéir chríochaithe a cruthaíodh le linn na hoighearaoise, le dúrabhán gainmheach ina bhfuil sraitheanna cailcreacha agus sil-leagain flúirseacha breochloiche agus bolláin. Múnlaíonn an aeráid ilchríochach ag a bhfuil tionchair mhuirí na fíonta a tháirgtear anseo freisin. I gceantar Pasenow i mbaile Woldegk, atá curtha leis an limistéar, tá na dálaí geografacha, geolaíocha agus aeráide céanna i bhfeidhm. Tá an nasc leis an limistéar a leagtar amach sa tsonraíocht táirge mar a bhí roimhe seo.

4. **Cineálacha fíonchaor**

Tuairisc:

Leathnaíodh liosta na gcineálacha geala chun na cineálacha seo a leanas atá á saothrú faoi láthair a chur san áireamh: Solaris, Muscaris, Riesling, Donauriesling, Donauveltliner, Johanniter, Helios, Hibernal, Blütenmuskateller agus Souvignier Gris. Leathnaíodh liosta na gcineálacha dearga chun na cineálacha seo a leanas a chur san áireamh: Cabernet Cortis, Rondo, Cabernet Cantor agus Monarch.

Réasúnú:

Tá na cineálacha a liostaítear anseo den chéad uair á saothrú i limistéar saothrúcháin Mecklenburg agus tá a luach cruthaithe acu cheana féin i dtéarmaí aibíochta agus saintréithe. Comhlíonann na fíonta a dhéantar as na cineálacha fíonchaor an tsonraíocht táirge, tá siad tipiciúil de TGFC 'Mecklenburger Landwein', agus cuireann siad dlaoi mhullaigh ar uathúlacht an fhíona atá ann cheana.

5. **Ceanglais infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta nó faoi cheanglais arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn TGFC**

Tuairisc:

An riail atá ann cheana lena gceanglaítear gur cheart 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear sa táirgeadh teacht ón limistéar geografach, tá sí i gcomhréir le ceanglais faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta. Cuireadh tagairt ghinearálta isteach lena luaitear: 'Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair'.

Is féidir 'Mecklenburger Landwein' a tháirgeadh anois ar fud Mecklenburg-Pomerania Thiar. Roimhe sin, ceadaíodh táirgeadh sa limistéar fíonsaothrúcháin a shainítear faoin dlí stáit cónaidhme is infheidhme.

Chun an tásc 'Mecklenburger Landwein' a úsáid ar an lipéadú, ní mór an buidéalaí a áireamh sa chóras cigireachtaí bliantúla maidir le comhlíonadh na sonraíochta táirge.

Réasúnú:

Ós rud é nach bhfuil coinníollacha ann a théann níos faide ná dlí an Aontais ná an dlí náisiúnta is infheidhme, soláthraítear leis an tagairt do reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair rialacha atá beacht go leordhóthanach.

6. **Údarás rialaithe**

Tuairisc:

Tugadh an fhaisnéis a bhaineann leis an údarás rialaithe agus lena chúraimí cothrom le dáta.

Réasúnú:

Athraíodh ainm agus seoladh an údaráis rialaithe. Is gá, dá bhrí sin, an fhaisnéis is infheidhme faoi láthair a áireamh agus a oiriúnú. Aistríodh an fhreagracht as údaruithe nua um plandú chuig an Oifig Chónaidhme um Thalmhaíocht agus Bia.

7. **Eile**

Tuairisc:

Athruithe eagarthóireachta i gcomhréir le ceanglais an Aontais. Áirítear orthu sin na hathruithe uile lena léirítear an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair. Rinneadh amhlaidh trí thagairt a dhéanamh don reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair nó an sliocht ábhartha a scriosadh. Rinneadh an nasc leis an limistéar a shoiléiriú i roinnt cásanna.

Réasúnú:

Rinneadh athruithe eagarthóireachta i roinnt áiteanna chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh. Soiléiríodh an nasc leis an limistéar i roinnt áiteanna. Meastar gur leasuithe caighdeánacha iad na hathruithe sin i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 mar nach gcuireann siad an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Mecklenburger Landwein

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC – Tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon, geal*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá aigéadacht úr bhríomhar ag 'Mecklenburger Landwein' geal atá ag brath ar chineál agus ar shuíomh, chomh maith le struchtúr atá tipiciúil den chineál agus carachtar iomráiteach atá idir torthaíoch agus tathagach, fiú i gcumaisc. Tá dath idir buí éadrom agus dath na tuí ar na fíonta geala atá tipiciúil den chineál, agus bíonn imir scothghlas orthu uaireanta.

Tréithe anailíseacha:

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le tréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Tréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

2. *Fíon, dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ag brath ar an gcineál fíonchaor agus ar an modh aosaithe, tá dath caordhearg, dúdhearg nó dath an rúibín ar 'Mecklenburger Landwein' dearg. Cuireann a dhea-bholaithe caora dearga aibí, prúnaí agus cuiríní dubha i gcuimhne, in éineacht le hadhmadacht idir éadrom agus níos cumhachtaí nuair a aosaítear i mbairillí adhmaid é. Tá an coimpléasc tainnine comhtháite, le struchtúr maith. Tá na fíonta dearga idir éadrom agus meánmheáchan torthaíoch agus, tar éis coipeadh malalachtach, tá siad maothlach agus veilbhitiúil.

Tréithe anailíseacha:

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le tréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Tréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

3. *Fíon, rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá dath idir dearg éadrom agus dearg an bhradáin ar rosé 'Mecklenburger Landwein' agus táirgtear é go heisiach ó chineálacha fíonchaor dearg a bhrúitear go tapa. Tá dea-bholaithe torthaíocha ina chumhracht atá tipiciúil de na cineálacha dearga a úsáidtear chun é a tháirgeadh. Cuireann na dea-bholaithe torthaíocha sin sútha talún, cuiríní dubha nó silíní i gcuimhne. Bíonn na fíonta rosé, bídís ina bhfíonta aonchineálacha nó ina gcumaisc, úr agus torthaíoch go ginearálta, agus bíonn cion cothrom tainnine iontu.

Tréithe anailíseacha:

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le tréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Tréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

4. *Fíon, Blanc de Noir*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ag baint úsáid as na cineálacha Regent agus Cabernet Cortis, déantar Blanc de Noir a tháirgeadh freisin. Tá aigéadacht chothrom aige, le miondifríochtaí tainneacha, agus tá dath tipiciúil an fhíona ghil air.

Tréithe anailíseacha:

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le tréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Tréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Fíon

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

2. Fíon

Srianta ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

Níor cheart fíonchaora geala ná an maistreán, an t-úrfhíon ná na fíonta a tháirgtear as fíonchaora geala a chumasc le fíonchaora dearga ná an maistreán, an t-úrfhíon ná na fíonta a tháirgtear as fíonchaora dearga.

3. Fíon

Cleachtais saothraithe

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

5.2. *Uastáirgeacht*

90 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cuimsíonn an tásc geografach faoi chosaint fíonghoirt atá údaraithe le bheith faoi fhíniúnacha nó gan fíniúnacha go sealadach, i gceantar Rattey bhardas Schönbeck, i gceantar Pasenow bhaile Woldegk, agus i mbaile Burg Stargard i gceantar tuaithe Mecklenburger Seenplatte.

Is féidir breathnú ar an gcríochú beacht ag www.ble.de/eu-qualitaetskeneichen-wein.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Blauer Portugieser

Blauer Spätburgunder

Blütenmuskateller

Cabernet Cantor

Cabernet Cortis

Donauriesling

Donauveltliner

Helios

Hibernal

Huxelrebe - Huxel

Johanniter

Monarch

Muscaris

Müller Thurgau - Rivaner

Ortega

Phoenix - Phönix

Regent

Rondo

Solaris

Souvignier Gris

Weißer Elbling - Elbling, Kleinberger

Weißer Riesling - Riesling Renano, Rheinriesling, Klingenberger, Riesling

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

1. *Dálaí geografacha*

1.1. Tírdhreach agus moirfeolaíocht

Saintréith de thírdhreach Mecklenburg-Vorpommern is ea tionchair na hoighearaoise, atá le feiceáil sna moiréin talún agus sna moiréin chríochfoirt a d'eascair as an oighearaois dheireanach. Tugann an tír-raon cnocach idir cnoic Helpter agus Brohmer agus i ngleann Lindetal, na hithreacha dúrabhán gainmheach agus an aeráid thipiciúil in oirthear an *Bundesland* a saintréithe sonracha do na limistéir fíonsaothrúcháin in Mecklenburg. Bhí fíonsaothrú in Mecklenburg ceangailte go stairiúil le maoine aonair faoi úinéireacht eaglaise nó tuata. Is minic a aithnítear na suíomhanna scaipthe de réir traidisiún béil nó logainmneacha. Agus an traidisiún fíonsaothrúcháin á athbheochan, tugadh tosaíocht do shuíomhanna traidisiúnta. Sa lá atá inniu ann, tá na fíonghoirt suite go príomha ar fhánaí cothroma agus measartha atá nochta don ghrian.

1.2. Geolaíocht

Tá an gheolaíocht múnlaithe ag an oighearaois, atá le feiceáil go háirithe i rilíf an tírdhreacha moiréin, ach freisin sna hithreacha an-athraitheach ag a bhfuil scóir idir 15 agus 50, a chomhfhreagraíonn d'aicmí ithreach gainimh, gainimh dúrabháin agus dúrabháin ghainmhigh ina bhfuil cion cloiche éagsúil. Is sainghné é luí míchothrom na talún, atá briste suas le go leor lochanna fite fuaite ina chéile agus géaga sruthchúrsaí. Coinníonn sraitheanna móra dúrabháin faoi thalamh uisce báistí sna hithreacha dúrabháin ghainmhigh.

2. *An aeráid*

Is iad gnéithe idirdhealaitheacha na haeráide na samhraí tirime a bhíonn idir bogthe agus te mar gheall ar an suíomh ilchríochach, arb iad is saintréithe dó líon ard uaireanta an chloig gréine sa samhradh agus san fhómhar. Déanann roghnú spriocdhírithe cineálacha luatha agus cineálacha sioc-chrua agus aimsir an tsamhraidh ar féidir brath uirthi go ginearálta séasúr fáis atá beagán níos giorra a fhritháireamh. Cruthaíonn struchtúr suntasach an tírdhreacha miocraeráidí atá fabhrach d'fhíonsaothrú.

Le linn na tréimhse aibithe, téann an líon ard uaireanta an chloig gréine chun tairbhe do cháilíocht na bhfíonchaor agus do charnadh siúcra. Bíonn na hithreacha, a chruthaigh an oighearaois, ag téamh go héasca, rud a chiallaíonn, le haigéadacht níos airde mar thoradh ar charnadh láidir siúcra i rith an tsamhraidh. go dtáirgtear fíonta ina bhfuil neart alcóil idir meánach agus níos airde.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Chun an tásc 'Mecklenburger Landwein' a úsáid ar an lipéadú, ní mór an buidéalaí a bheith san áireamh sa chóras cigireachtaí bliantúla maidir le comhlíonadh na sonraíochta táirge.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcás ina n-áirítear cineál fíniúna agus/nó bliain an fhíona sa lipéadú, ní mór na tréithe céadfacha atá tipiciúil den chineál sin nó de bhliain an fhíona a bheith inaitheanta.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe.

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Táirgtear ‘Mecklenburger Landwein’ go heisiach in Mecklenburg-Vorpommern.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein